Foirm COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

Chun cabhrú le cosc a chur ar leathadh COVID-19 san ionad oibre, caithfidh gach oibrí an fhoirm seo a chomhlánú agus a shíniú sula bhfilleann siad ar an obair. I ndiaidh don lucht bainistíochta an fhoirm a athbhreithniú, d'fhéadfaidís dul i dteagmháil leat agus iarraidh ort gan filleadh ar an obair láithreach. D'fhéadfaí dáta oiriúnach a phlé leat ansin chun filleadh ar an obair amach anseo. N.B. Caithfear gach ceist a fhreagairt.

Ainm an Fhostaí:	**Ainm an Bhainisteora:**
Seoladh an Ionaid Oibre:	

Uimh.	**Ceist**	**✓Tá**	**✓Níl**
1.	An bhfuil siomptóim ort de chasacht, fiabhras, teocht ard, scornach thinn, srón ag sileadh, giorra anála, siomptóim ar nós an fhliú nó caillteanas nó athrú ar do bhlaiseadh nó boladh anois nó le 14 lá anuas?	☐	☐
2.	An bhfuil diagnóis déanta ort d'ionfhabhtú dearbhaithe nó amhrasta COVID-19 le 14 lá anuas?	☐	☐
3.	An bhfuil tú i do dhlúththeagmhálaí de dhuine atá ina c(h)ás dearbhaithe nó amhrasta COVID-19 le 14 lá anuas (i.e. níos lú ná 2 mhéadar ar feadh níos mó ná 15 nóiméad go hiomlán in aon lá amháin)?	☐	☐
4.	An bhfuil comhairle faighte agat ó dhochtúir féinleithlisiú ag an am seo?	☐	☐
5.	An bhfuil comhairle faighte agat ó dhochtúir cocúnú ag an am seo?	☐	☐
6.	Tabhair sonraí thíos* faoi aon chúinsí eile a bhaineann le COVID-19, nach bhfuil san áireamh thuas, nach mór a nochtadh, b'fhéidir, le go bhféadfaidh tú filleadh ar an obair go sábháilte. Tá tuilleadh eolais faoi na daoine is mó atá i mbaol ón gCoróinvíreas ar fáil anseo.	☐	☐
Eolas Breise			

* Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil tú sa chatagóir daoine i mbaol, seiceáil an t-eolas sa nasc i gCeist 6. Má athraíonn do chás i ndiaidh duit an fhoirm seo a fhreagairt agus a chur isteach, cuir é sin in iúl don lucht bainistíochta.

Priontáil Ainm: _____ **Dáta:** _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an teimpléid seo.